V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10561 — CINTRA / ABERTIS / ITINERE / BIP & DRIVE)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 17/08)

1. An 10 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Cintra Infraestructuras España, S.L. ("Cintra", an Spáinn), faoi úinéireacht an Ghrúpa Ferrovial (an Spáinn),

— Abertis Autopistas España, S.A. ("Abertis", an Spáinn), faoi rialú Atlantia S.p.A ("Atlantia", an Iodáil) agus Actividad de Construcción y Servicios, S.A. ("ACS", an Spáinn),

— Itínere Infraestructuras ("Itínere", an Spáinn), faoi rialú Group APG ("APG", an Ísiltír),

— Bip & Drive E.D.E. S.A. ("Bip & Drive", an Spáinn).

Gheobhaidh Cintra, Abertis agus Itínere rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar 'Bip & Drive.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

Cuireadh an comhchruinniú céanna in iúl don Choimisiún cheana an 07 Deireadh Fómhair 2022, ach tarraingíodh an fógra siar ina dhiaidh sin an 26 Deireadh Fómhair 2022.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Cintra gníomhach i dtógáil, feabhsú, cothabháil agus bainistiú bóithre agus mótarbhealaí, agus láimhseálann sé lamháltais ar bhóithre dola sa Spáinn. Tá sé faoi úinéireacht an Ghrúpa Ferrovial, grúpa éagsúlaithe a oibríonn go hidirnáisiúnta san earnáil tógála, i lamháltais bhonneagair, sa teileachumarsáid agus sna seirbhísí. Is gnóthas fochuideachta de chuid Ferrovial é an grúpa cuideachtaí Cintra, faoi cheannas Cintra, agus déanann sé forbairt bhonneagair iompair dó,

— Tá Albertis mar chuid de Albertis Group, grúpa a bhainistíonn bonneagar soghluaisteachta agus teileachumarsáide ar fud an domhain. San Aontas Eorpach, tá sé gníomhach sa Spáinn agus sa Fhrainc den chuid is mó, agus san Iodáil ar bhonn níos lú. Tá Albertis faoi rialú comhpháirteach Atlantia agus ACS. San Eoraip, bainistíonn Atlantia mótarbhealaí (sa Spáinn agus sa Phortaingéil) agus aerfoirt (san Iodáil agus sa Fhrainc) faoi lamháltas agus cuireann sé seirbhísí soghluaisteachta ar fáil. Déanann ACS gníomhaíochtaí maidir le tógáil, lamháltais agus seirbhísí, agus tá sé gníomhach san Eoraip, i Meiriceá agus san Áise,

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

— Bainistíonn Itínere lamháltais ar bhóithre dola sa Spáinn. Tá sé á rialú ag APG, cuideachta infheistíochta pinsin de chuid na hÍsiltíre a infheistíonn i sócmhainní fuinnimh agus fóntais, teileachumarsáide agus bonneagair iompair, i measc nithe eile.

— Is dáileoir gaireas íocaíochta leictreonaí é Bip & Drive le haghaidh mótarbhealaí sa Spáinn, agus dáileann sé trealamh infheithicle go háirithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Mar sin féin, forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10561 — CINTRA / ABERTIS / ITINERE / BIP & DRIVE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË